An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# Beartas Bainistíochta ar Shárú ar Shonraí Pearsanta

Is é cuspóir an bheartais seo chun cuntas soiléir a sholáthar ar na nósanna imeachta atá le leanúint ag foireann uile na Roinne, agus a próiseálaithe, i gcás sárú ar shonraí pearsanta féin nó amhrasta.

**Meitheamh 2019**

# Clár Ábhar

1. Réamhrá ..... 3

2. Scóip ..... 3

3. Conas is féidir le sáruithe ar shonraí pearsanta tarlú ..... 4

4. Rioscaí a bhaineann le sárú ar shonraí ..... 4

5. Plean Bainistíochta ar Shárú ar Shonraí Pearsanta ..... 5

Céim 1: Sainaithint, Aicmiú agus Fógra Inmheánach ..... 5

Céim 2: Coimeád agus Aisghabháil ..... 6

Céim 3: Measúnú Riosca ..... 7

Céim 4: Fógra ar Shárú (Seachtrach) ..... 8

Céim 5: Meastóireacht agus Freagairt ..... 9

6. Freagrachtaí na foirne ..... 9

7. Freagracht phróiseálaithe sonraí ..... 10

8. Athbhreithniú agus Nuashonrú ..... 10

Aguisín 1 ..... 11

Aguisín 2 ..... 26

Teagmhálaithe Áisiúla ..... 27

Gluais Téarmaí ..... 28

# Beartas Bainistíochta ar Shárú ar Shonraí Pearsanta

## 1. Réamhrá

1.1. Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ("an Roinn") tiomanta do chearta agus príobháideachas daoine aonair (ar a dtugtar "ábhair shonraí", chomh maith) a chosaint i gcomhréir le reachtaíocht um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh (an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí [an RGCS]) agus reachtaíocht um chosaint sonraí na hÉireann. Baineann ardtábhacht, dar linne, leis na sonraí pearsanta go léir a láimhseáil i gceart, go dleathach agus go cothrom mar a bhaineann sé le cearta dlíthiúla, le príobháideachas agus iontaoibh gach duine aonair a ndéileálaimid leo.

1.2. Glactar leis go gciallaíonn sárú ar shonraí pearsanta teagmhas slándála óna n-eascraíonn milleadh, cailleadh, athrú, nochtadh nó rochtain neamhúdaraithe de thimpiste nó neamhdhleathach ar shonraí pearsanta a tharchuirtear, a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar bhealach eile.

1.3. Cé go bhfuilimid tiomanta do bhearta teicniúla agus eagraíochta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na sonraí pearsanta a choimeádaimid slán, is rud tábhachtach é, i gcás sárú ar shonraí, go mbíonn plean freagrúil bainistíochta sáraithe i bhfeidhm.

1.4. Is é ár bpríomhdhíriú, i gcás sárú ar shonraí, chun aon daoine aonair ar imríodh tionchar orthu a chosaint agus chun tionchar an tsáraithe a theorannú.

1.5. Bealach atá sa bheartas seo chun cabhrú leis an Roinn ina ról mar rialaitheoir sonraí.

## 2. Scóip

2.1. Tugtar cuntas sa bheartas seo ar na nósanna imeachta atá le leanúint ag foireann uile na Roinne i gcás aon teagmhais ina ndéantar sárú iarbhír nó amhrasta ar shonraí pearsanta. Sainaithnítear ann, chomh maith, freagrachtaí próiseálaithe – iad siúd a phróiseálann sonraí pearsanta thar ár gceann – i gcás sárú.

2.2. Is rud tábhachtach é a thabhairt faoi deara nach ionann gach teagmhas slándála faisnéise agus sárú ar shonraí pearsanta, **ach** is ionann gach sárú ar shonraí pearsanta agus teagmhas slándála faisnéise. Caithfear cúinsí sáraithe ar shonraí a dheimhniú láithreach. ***Cuir an cheist ort féin – an ndearnadh difear do shonraí pearsanta ar bhealach ar bith?***

## 3. Conas is féidir le sáruithe ar shonraí pearsanta tarlú

3.1 Seo a leanas roinnt samplaí de sháruithe ar shonraí pearsanta:

- Earráid dhaonna;
- Cáipéisí páipéir a chailltear nó a ghoidtear;
- Trealamh a a chailltear nó a ghoidtear agus sonraí pearsanta ann;
- Sonraí faoi rún a nochtadh d'aon turas nó go neamhbheartaithe le tríú páirtí neamhúdaraithe;
- Rialuithe rochtana míchuí a dtagtar ar fhaisnéis rúnda gan údarás mar thoradh orthu;
- Teagmhais haiceála;
- Ríomhphoist ina gcuimsítear sonraí pearsanta nó íogaire a sheoladh chuig an bhfaighteoir/na faighteoirí míchearta;
- Sonraí pearsanta á bhfágáil gan duine ina mbun i limistéir ar féidir teacht orthu;
- Sárú ar áitreabh (briseadh isteach, tuile, dóiteán, etc.);
- Sonraí pearsanta a dhiúscairt go míchuí (e.g. athchúrsáil neamhshlán).

3.2 Nuair a chuirtear san áireamh gur féidir le hearráid dhaonna cur go mór leis, is gá d'fhoireann (na Roinne agus ár bpróiseálaithe) a bheith cúramach, mar is ceart, nuair a dhéileálann siad le sonraí pearsanta.

3.3 Gearrann an RGCS dualgas ar an Roinn chun sárú ar shonraí a thuairisciú leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí (an CCS) laistigh de 72 uair an chloig i ndiaidh go gcuirtear ar an eolas iad ar an tsárú. Más dóchúil go mbeidh ardriosca roimh chearta agus saoirse ábhair shonraí mar thoradh ar an sárú, tá dualgas ar an Roinn, chomh maith, chun fógra a thabhairt do dhaoine aonair a ndéantar difear dóibh gan moill mhíchuí.

## 4. Rioscaí a bhaineann le sárú ar shonraí

4.1 Áirítear leis na rioscaí atá roimh an duine aonair a bhaineann le sárú ar shonraí:

- rialú a chailltear ar shonraí pearsanta nó aitheantas;
- díobháil, cur isteach, caillteanas nó suaitheadh i leith sláinte nó folláine;
- aitheantas a ghoidtear agus calaois aitheantais;
- tionchar ar stádas nó cúinsí airgeadais nó geilleagracha;
- náire nó torthaí diúltacha eile, díobháil clú ina measc;
- rúndacht sonraí pearsanta a bhí á gcosaint ag rúndacht ghairmiúil a cailleadh.

4.2 Áirítear leis na rioscaí atá roimh an Roinn:

- Imscrúdú, fíneálacha riaracháin, ionchúiseamh nó smachtbhannaí eile a ghearrann an CCS;
- Díobháil clú mar thoradh ar an sárú;
- Costais dlí agus/nó dámhachtainí cúitimh nuair a dhéanann duine aonair éilimh;
- Muinín phoiblí sna seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil;
- Costais theicniúla nó eagraíochta a bhaineann leis na cúinsí a cheartú a bhí mar thoradh ar an sárú (e.g. córais a leasú nó a athsholáthar, deisiúcháin TFC, athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh nó ar oibriú scéime);
- Gníomh disciplíneach fostaí i gcás gníomh toiliúil a ndéantar sárú mar thoradh air;

## 5. Plean Bainistíochta ar Shárú ar Shonraí Pearsanta

Tá cúig chéim i bPlean Bainistíochta Sáraithe na Roinne:

1. Aithint, Aicmiú agus Fógra Inmheánach
2. Coimeád agus Aisghabháil
3. Measúnú Riosca
4. Fógra ar Shárú (Seachtrach)
5. Meastóireacht agus Freagairt

### Céim 1: Sainaithint, Aicmiú agus Fógra Inmheánach



**<u>Conas a d'fhéadfá bheith eolach go ndearnadh sárú nó sárú féideartha?</u>**

- *Seoltar ríomhphost ar ais chugat, a thugann le fios go bhfuil sonraí an fhaighteora mícheart.*
- *Déanann duine aonair teagmháil leat lena rá duit go bhfuair siad comhfhreagras/ríomhphost a bhí ceaptha le seoladh chuig duine eile.*
- *Ní bhfuair custaiméir/cliant rud éigin a bhí siad ceaptha a fháil (e.g. tacaíochtaí airgeadais).*
- *Déanann duine aonair teagmháil leis an Roinn lena thabhairt le fios go ndearna duine éigin teagmháil leo a thug le fios go bhfuair siad sonraí pearsanta an duine aonair ón Roinn nó duine dá próiseálaithe.*
- *Cuireann duine de phróiseálaithe sonraí na Roinne thú ar an eolas ar shárú.*
- *Rinneadh ríomhaire glúine/táibléad/guthán/páipéir oifigiúla a cailleadh nó ní heol cá bhfuil siad.*

**<u>Aicmiú Sáraithe:</u>**

Is féidir sáruithe a aicmiú de réir na dtrí phrionsabal slándála faisnéise seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Sárú ar rúndacht*** | nuair a dhéantar sonraí pearsanta a nochtadh go neamhúdaraithe nó de thimpiste nó nuair a dhéantar iad a rochtain go neamhúdaraithe nó de thimpiste (e.g. ag aonán nach bhfuil i dteideal teacht ar na sonraí) |
| ***Sárú ar shláine*** | nuair a dhéantar sonraí pearsanta a athrú go neamhúdaraithe nó de thimpiste, (e.g. déantar sonraí pearsanta a mhionathrú go míchuí) |
| ***Sárú ar fháil*** | nuair a dhéantar rochtain ar shonraí pearsanta a cailleadh, nó nuair a dhéantar sonraí pearsanta a milleadh de thimpiste nó go neamhúdaraithe (e.g. caillteanas ar rialú ar rochtain ar shonraí pearsanta, nó nuair a dhéantar sonraí pearsanta a scriosadh go míchuí) |

**<u>Freagairt d'fhógra nó sainaithint</u>**

Nuair a chuirtear san áireamh na hamlínte atá i bhfeidhm atá an-dian chun sárú a thabhairt le fios, ba cheart do bhall foirne a gcuirtear é/í ar an eolas go ndearnadh sárú amhrasta nó iarbhír é seo a thabhairt le fios do Cheann an Aonaid (comhionann le Príomhoifigeach) **<u>láithreach</u>**. Déanfaidh Ceann an Aonaid cinneadh cén ball foirne ar cheart an fhreagracht a leagan orthu as déileáil leis an bhfógra ar shárú.

| | |
|---|---|
| ***Duine a gcuirtear ar an eolas é/í go ndearnadh sárú féideartha nó fíorshárú nó a aimsíonn sárú féideartha nó fíorshárú*** | Tabhair é seo le fios láithreach do Cheann an Aonaid (Príomhoifigeach) |
| ***Ceann an Aonaid*** | Ainmnigh ball foirne chun tabhairt faoin tuairisc ar shárú:<br>• tuairisciú foirmiúil<br>• idirchaidreamh leis an OCS, agus<br>• idirchaidreamh leis an bpróiseálaí (más cuí). |
| ***Oifigeach ainmnithe*** | • Foirm um Shárú ar Shonraí[1] Inmheánacha Pearsanta a chomhlánú (measúnú ina measc ar an leibhéal riosca a bhaineann leis an sárú)<br>• Déantar idirchaidreamh leis an bpróiseálaí sonraí (nuair is gá). A chinntiú go ndéanann an próiseálaí Foirm um Shárú ar Shonraí Inmheánacha Pearsanta a chomhlánú agus a sheoladh ar aghaidh. Comhaontú a dhéanamh ar an leibhéal riosca leis an bpróiseálaí (agus é a leasú, más gá).<br>• An OCS a chur ar an eolas ar an gcás agus Foirm um Shárú ar Shonraí Inmheánacha Pearsanta a sheoladh ar aghaidh. |

## Céim 2: Coimeád agus Aisghabháil

**Foireann Freagartha Teagmhais**
Ag brath ar mhéid agus leibhéal measúnaithe riosca an tsáraithe ar shonraí, is féidir leis an OCS a mholadh go dtionóltar Foireann Freagartha Teagmhais (FFT) ***láithreach*** (nóta - cuirtear laethanta sa deireadh seachtaine san áireamh sa tréimhse fógra 72 uair an chloig) chun cabhrú le himscrúdú breise a dhéanamh ar, agus freagairt don sárú.

Grúpa daoine atá san FFT a ullmhaíonn agus a fhreagraíonn don sárú, nuair a chuirtear an riosca san áireamh a bhaineann leis an sárú ar shonraí, chun cearta an ábhair sonraí a chosaint agus a chinntíonn go bhfuil freagairt na Roinne cruinn agus tráthúil. Beidh na hionadaithe go léir, nó cuid díobh, seo a leanas san FFT:

i. Ceann ábhartha an Aonaid agus aon bhaill eile ábhartha den bhainistíocht shinsearach (a airde le leibhéal an Bhoird Bhainistíochta, más gá);
ii. Oifigeach Cosanta Sonraí;
iii. Oifigeach Cumarsáide/Preasoifigeach (nó ionadaí);
iv. Ceann TFC (nó ionadaí);

[1] Ba cheart gach sárú, gan aird ar cé acu an ndéantar nó nach ndéantar an CCS nó daoine aonair ar imríodh tionchar orthu a chur ar an eolas orthu, a chur i gcuntas (ag an Aonad tuairiscithe) ar an bhfoirm Inmheánach. Tá oibleagáidí ar an Roinn - tríd an Aonad um Chosaint Sonraí - chun taifid a choimeád maidir le gach sárú, iad siúd ina measc ina ndéantar an cinneadh nach bhfuil aon riosca i leith daoine aonair ar imríodh tionchar orthu i ndiaidh sárú. Coimeádtar 'Tuairisc ar Shárú ar Shonraí Pearsanta', a chomhlánaítear trí úsáid a bhaint as faisnéis ó na foirmeacha Inmheánacha. I gcásanna nach mbíonn aon riosca i gceist, caithfear a áireamh leis an Tuairisc ar an Sárú na sonraí, an bealach a cinneadh nárbh ann d'aon riosca, cé a rinne an cinneadh nárbh ann d'aon riosca agus an rátáil riosca a cuireadh i gcuntas. Is féidir leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí a iarraidh chun na taifid a fheiceáil ag aon tráth.

v. Ionadaithe an phróiseálaí (*má tá an sárú ar leibhéal próiseálaí*);
vi. Ceann Dlí (nó ionadaí);

Anuas ar an méid thuas agus ag brath ar chastacht an tsáraithe, b'fhéidir go mbeidh cúnamh tríú páirtí ag teastáil lena dheimhniú méid iomlán an tsáraithe, agus le cabhrú leis an sárú a shrianadh. Déanfaidh an ball foirne is sinsearaí cathaoirleacht ar an FFT a fhreastalaíonn ar an teagmhas ar leith agus déanfaidh sé/sí an méid seo a leanas, i measc rudaí eile:

- Cinneadh ar ghníomhartha a theastaíonn chun an sárú a shrianadh (e.g. stráice den líonra a aonrú/a dhúnadh, píosa caillte trealaimh a aimsiú, cóid rochtana a athrú ar dhoirse, etc.);
- Cinneadh a dhéanamh ar ghníomhartha chun aon chaillteanas a aisghabháil agus teorainn a chur ar an díobháil is féidir leis an sárú a dhéanamh (e.g. trealamh/taifid a aisghabháil go fisiciúil, cúltaca a úsáid chun sonraí caillte/a ndearnadh díobháil dóibh a aischur);
- Cinneadh a dhéanamh ar ghníomhartha a theastaíonn chun an sárú a chur in iúl don Aire agus an Bord Bainistíochta;
- A shainaithint cé acu an cuí nó nach cuí an Coimisiún Cosanta Sonraí a chur ar an eolas;
- A shainaithint an cuí nó nach cuí daoine aonair ar imríodh tionchar orthu a chur ar an eolas láithreach (e.g. nuair a rinneadh an cinneadh go bhfuil ardleibhéal riosca go ndéanfar díobháil thromchúiseach do dhaoine aonair);
- An mhodheolaíocht is fearr a shainaithint chun teagmháil a dhéanamh le daoine aonair a ndearnadh difear dóibh (e.g. d'fhéadfadh preaseisiúint, seachas litreacha aonair a bheith ag teastáil mar gheall ar an líon daoine aonair);
- A shainaithint an cuí nó nach cuí an Garda Síochána a chur ar an eolas (e.g. i gcásanna ina mbíonn goid nó gníomhaíocht choiriúil amhrasta i gceist).

Tá sé bunriachtanach go dtuigeann an fhoireann ábhartha go hiomlán gur gá páirt a ghlacadh in FFT, i gcomhthéacs na n-amfhrámaí dochta a bheith i gceist maidir leis an sárú ar shonraí a thabhairt le fios don OCS. Coimeádfaidh OCS an RLCMLÓ gach páipéar a bhaineann le breithniúcháin an FFT.

### Céim 3: Measúnú Riosca

Déanfaidh an OCS athbhreithniú ar an measúnú ar an riosca a bhíonn i gceist i gcomhairle le Ceann an Aonaid, agus déanfar athbhreithniú foirmiúil ar mheasúnú riosca deiridh. Cuirfidh seo eolas ar fáil dár n-oibleagáidí tuairiscithe.

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar an riosca atá mar thoradh ar an sárú, ba cheart príomhbhreithniú a dhéanamh ar mhéid na díobhála a d'fhéadfadh an sárú a dhéanamh do dhuine/dhaoine aonair. Chun eolas a chur ar fáil don mheasúnú, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Saghas agus cúis an tsáraithe;
- Cineál na sonraí pearsanta atá i gceist;
- Íogaireacht na sonraí;
- An méid a d'fhéadfadh na sonraí a chur in iúl faoin duine aonair le tríú páirtí;
- Aon saintréithe ar leith den duine aonair (e.g. leanbh, duine fásta leochaileach, etc.) nó an rialaitheoir (e.g. saoráid chóireála, ospidéal, etc.);
- Aon mheicníochtaí slándála atá i bhfeidhm (e.g. pasfhocal, criptiú);

- Cé acu an bhfuil nó nach bhfuil faighteoir a bhfuil iontaoibh astu á úsáid ag an Roinn (e.g. eagraíocht lena bhfuil socruithe leanúnacha conarthacha nó caidreamh seanbhunaithe).

Caithfear gach sárú ar shonraí pearsanta a thabhairt le fios don CCS, murach go ndearnadh an cinneadh nach mbaineann ***aon riosca*** leis an sárú.

Má mheastar gur ***dóchúil go mbeidh ardriosca*** roimh chearta agus saoirse daoine aonair mar thoradh ar an sárú ar shonraí pearsanta, ba cheart an sárú a thabhairt le fios do na daoine aonair a ndearnadh difear dóibh.

Is féidir teacht ar roinnt treoir bhreise ar riachtanais tuairiscithe in **Aguisín 2**.

## Céim 4: Fógra ar Shárú (Seachtrach)

***<u>Fógra a thabhairt don OCS</u>***

> Caithfear gach sárú ar shonraí pearsanta a thabhairt le fios don CCS, murach go ndearnadh an cinneadh nach mbaineann ***aon riosca*** leis an sárú i ndiaidh measúnú a dhéanamh.

Caithfidh an Roinn fógra a thabhairt don CCS ar an sárú ar shonraí pearsanta gan moill mhíchuí, ach tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig i ndiaidh go gcuirtear ar an eolas iad ar an sárú, mura dóchúil go bhféadfadh riosca i leith cearta agus saoirse daoine aonair a bheith mar thoradh ar riosca. Measfar gur cuireadh an Roinn 'ar an eolas' nuair a bhíonn méid réasúnta d'éiginnteacht ann gur tharla teagmhas slándála, ar baineadh de shonraí pearsanta dá bharr.

Beidh sé infheicthe in go leor cásanna gur thit sárú amach, ach má tá méid áirithe éiginnteachta ann, áfach, is féidir leis an Roinn tabhairt faoi thréimhse ghearr imscrúdaithe lena dheimhniú cé acu ar tharla nó nár tharla sárú, i bhfírinne. Ní mheastar go bhfuil an Roinn 'ar an eolas' i rith na tréimhse seo. A luaithe a dheimhnítear an sárú, bímid 'ar an eolas' air.

**Tá an tOifigeach Cosanta Sonraí freagrach, de ghnáth, as fógra a thabhairt don CCS laistigh den amfhráma sonraithe.**

***<u>Fógra a thabhairt do thríú páirtithe</u>***
Bunaithe ar chúinsí agus meastóireacht an riosca, b'fhéidir gur gá fógra a thabhairt, chomh maith leis sin, do thríú páirtí, ar nós an Gharda Síochána ag an bpointe seo. B'fhéidir gur gá plé a dhéanamh air seo ar leibhéil níos sinsearaí den bhainistíocht (féach bunú na Foirne Freagartha Teagmhais thuas).

***<u>Fógra a thabhairt do Dhaoine Aonair</u>***

> Nuair is dóchúil go mbeidh ***ardriosca*** i leith cearta agus saoirse daoine aonair mar chúis le sárú ar shonraí pearsanta, ***caithfidh*** an Roinn ***fógra a thabhairt*** do na daoine aonair ar an sárú ar shonraí pearsanta gan moill mhíchuí agus ar bhealach soiléir agus trédhearcach.

Tá fógra do dhaoine aonair faoi réir roinnt eisceachtaí teoranta:

- Rinne an Roinn na sonraí a chosaint a mhéid sin nach mbeadh aon duine nach bhfuil údarás acu teacht orthu iad a thuiscint (e.g. criptiú).

- Chinntigh bearta a rinne an Roinn ina dhiaidh sin i ndiaidh an tsáraithe nach dóchúil a thuilleadh go gcruthófar an riosca roimh chearta agus saoirse an ábhair shonraí.
- Bheadh iarracht dhíréireach i gceist leis chun teagmháil a dhéanamh le gach duine aonair agus téitear i mbun comhairliúchán poiblí nó a mhacasamhail de bheart, dá bharr, chun fógra a thabhairt dóibh siúd atá bainteach.

Faoi chúinsí inar gá fógra a thabhairt faoi shárú do dhaoine aonair, tá sé réasúnta go ndírímid ar na daoine aonair siúd díreach i ndiaidh an teagmhais (e.g. iad a chur ar an eolas chun a bpasfhocail a athrú). Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an CCS laistigh de 72 uair an chloig, ach d'fhéadfadh fógra a thabhairt láithreach do dhaoine aonair tionchar dearfach a imirt ar na rioscaí a mhaolú atá rompu. **Níor cheart fógra a thabhairt do dhuine aonair ar bith, áfach, sula gcuirtear an sárú in iúl don OCS sa Roinn.**

Cé nach bhfuil aon oibleagáid reachtúil ar an Roinn daoine aonair a chur ar an eolas ar shárú ar shonraí nuair nach bhfuil aon ardriosca measúnaithe i gceist, ba cheart breithniú a dhéanamh ar gach cás ar a fhiúntas féin maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart fógra a eisiúint do dhuine ar bith.

### Céim 5: Meastóireacht agus Freagairt

I ndiaidh sárú ar shonraí pearsanta, tabharfaidh an OCS faoi athbhreithniú ar na cúinsí a bhaineann leis an sárú agus na gníomhartha a dhéantar. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Conas a tharla an sárú agus cén gníomh a theastaíonn chun an riosca a laghdú go ndéanfar a mhacasamhail de sháruithe amach anseo agus a dtionchar a íoslaghdú?
- An raibh na beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le cosaint sonraí agus bainistíocht sáraithe éifeachtach?
- An raibh fostaithe ar an eolas ar a bhfreagrachtaí maidir le cosaint sonraí agus sárú a shainaithint agus a bhainistiú?
- Cén ceachtanna a foghlaimíodh ón teagmhas?
- Cé acu an gá nó nach gá don Chlár Rioscaí a athbhreithniú agus a leasú.

Nuair a shainaithnítear gur gá athruithe suntasacha a dhéanamh ar bheartas nó oibríochtaí, caithfear na hathruithe seo a fhaomhadh ar leibhéal Bord Bainistíochta agus eiseofar fógra ar athruithe don fhoireann ábhartha.

Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar shárú lena chinntiú nach n-éiríonn na cúinsí níos measa, agus d'fhéadfadh go mbeadh an sárú intuairiscithe dá bharr, cé go bhféadfadh nach raibh sé intuairiscithe i dtosach. Is rud tábhachtach a thabhairt faoi deara, cé go bhféadfadh gur imríodh roinnt tionchair cheana ag an tráth a bhraitear an sárú, b'fhéidir nach mbeidh roinnt ábhartha ach ag tráth níos déanaí (e.g. má ghoidtear dintiúir, d'fhéadfadh gur úsáideadh roinnt cheana féin, d'fhéadfaí cinn eile a úsáid ina dhiaidh sin).

## 6. Freagrachtaí na foirne

6.1 Ba cheart go mbeadh cur amach ag an bhfoireann ar an mbeartas seo agus aird ar leith a thabhairt ar an méid atá i gceist le sárú ar shonraí pearsanta agus an fhreagairt fhoirmiúil Roinne a theastaíonn.

6.3 B’fhéidir go mbeidh an fhoireann a ndeimhnítear go ndearna siad gníomh d’aon turas a ndearnadh sárú ar shonraí pearsanta dá bharr a bheith faoi réir nósanna imeachta disciplíneacha faoi Chód Disciplíneach na Státseirbhíse.

## 7. Freagracht phróiseálaithe sonraí

7.1 Leagann an RGCS oibleagáid ar phróiseálaithe chun an rialaitheoir (an RLCMLÓ) a chur ar an eolas gan moill mhíchuí i ndiaidh go gcuirtear ar an eolas iad ar shárú ar shonraí pearsanta, agus ba cheart dóibh na sonraí ábhartha go léir a sholáthar ag an bpointe sin d’Aonad líne na Roinne. Beidh idirchaidreamh mionsonraithe leis an Aonad líne ag teastáil, agus caithfidh an próiseálaí an fhoirm riachtanach um Shárú ar Shonraí Pearsanta a chomhlánú. Ba cheart OCS féin an próiseálaí a choimeád ar an eolas ar fhorbairtí.

7.2 **Is gnách gurb ar an rialaitheoir a bhíonn an oibleagáid chun sárú ar shonraí a thabhairt le fios don OCS**. D’fhéadfaí a áireamh le roinnt socruithe conarthacha, áfach, údarú Roinne a thabhairt don phróiseálaí chun fógraí a dhéanamh ***go díreach*** leis an OCS. Ba cheart don fhoireann atá ainmnithe ag an bpróiseálaí na fógraí seo a dhéanamh ar an gcuspóir seo. Faoi na cúinsí siúd, tá oibleagáid ar an bpróiseálaí i gcónaí chun an Aonad líne ábhartha Roinne a choimeád ar an eolas, agus chun an Fhoirm Theagmhais a chomhlánú. Ba cheart don Aonad líne, dá réir sin, an tAonad Cosanta Sonraí a choimeád ar an eolas, a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil a Chuntas Teagmhais cothrom le dáta.

7.3 Ba cheart sonraí fhreagairt agus fhógra an tsáraithe agus oibleagáidí fógra gach próiseálaí a leagan amach sa chonradh ábhartha leis an Roinn.

**Nóta**: Ní bhaineann oibleagáidí próiseálaí leis an Roinn ach le sonraí pearsanta á rialú ag an Roinn, i ndeireadh na dála, agus a phróiseáiltear mar chuid den chonradh. Is minic gur rialaitheoir sonraí ina cheart féin a bhíonn i bpróiseálaí sonraí, chomh maith, (e.g. maidir le sonraí pearsanta a fhostaithe), agus faoi réir na n-oibleagáidí go léir - oibleagáidí chun sárú a thabhairt le fios ina measc nuair a tharlaíonn sárú - a bhaineann le ról sin an rialaitheora.

## 8. Athbhreithniú agus Nuashonrú

Is féidir an beartas seo a athbhreithniú ó thráth go chéile le haon athruithe a thagann ar struchtúr eagraíochta na Roinne, cleachtais ghnó agus/nó athruithe ar an reachtaíocht a chur san áireamh.

# Aguisín 1

## Foirm Sárú Inmheánach Sonraí Pearsanta

Ba cheart duit an fhoirm seo a úsáid más:

a. Ball foirne de chuid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige thú; nó
b. Próiseálaí a phróiseálann sonraí thar ceann na Roinne thú.

**Déanann an fhoirm seo macasamhlú ar an ábhar ó fhoirm Fhógra Sáraithe an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Is gné thábhachtach é maidir le sáruithe ar shonraí pearsanta ag DCEDIY agus a próiseálaithe a thaifeadadh.** Ba cheart é a chomhlánú nuair a tharlaíonn sárú sonraí pearsanta, nó a cheapann tú a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe sa Roinn (nó i bpróiseálaí a úsáideann an Roinn) agus é a thuairisciú, beag beann ar aon riachtanais tuairiscithe breise.

Tarlaíonn sárú sonraí pearsanta nuair a dhéantar rochtain ar na sonraí, a nochtar, a athraítear, a chailltear nó a scriostar iad de shárú ar oibleagáid na Roinne sonraí pearsanta atá ina seilbh a choinneáil sábháilte agus slán. Is oibleagáid é seo a leathnaíonn chuig próiseálaithe a úsáideann an Roinn.

***NB - Agus an fhoirm seo á comhlánú agat, ná cuir aon cheann de na sonraí pearsanta iarbhír a bhaineann leis an sárú san áireamh. Mar shampla, ná cuir ainmneacha na ndaoine aonair a ndeachaigh an sárú i bhfeidhm orthu san áireamh.***

Ba chóir duit an sárú iarbhír nó amhrasta a chur in iúl do do Cheann Aonaid láithreach tar éis an sárú a fháil amach, agus an fhoirm seo a chomhlánú. Ní mór sáruithe áirithe sonraí pearsanta a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí laistigh de 72 uair an chloig tar éis dó teacht ar an eolas faoin sárú, mar sin tá sé tábhachtach go dtuairiscítear sáruithe iarbhír nó amhrasta láithreach.

| **Fútsa (Rialaitheoir)**<br>*(Ba cheart don duine atá ainmnithe ag Ceann an Aonaid DCEDIY déileáil leis an gcuid seo a chomhlánú sárú sonraí, lena n-áirítear i gcás inar tharla an sárú i bpróiseálaí)* | |
|---|---|
| **Ainm iomlán** | |
| **Ról DCEDIY** | |
| **Uimhir teileafón** | |
| **Seoladh ríomhphoist** | |
| | |
| **Fútsa (próiseálaí)**<br>*(Ba cheart don duine atá ainmnithe ag an gCeann Aonaid Próiseálaithe chun déileáil leis an sárú sonraí a chomhlánú)* | |
| **Ainm iomlán** | |
| **Ainm na hEagraíochta** | |
| **Ról** | |
| **Uimhir teileafón** | |
| **Seoladh ríomhphoist** | |

| **Cuid a hAon - Ceisteanna Tosaigh** | |
|---|---|
| **C1 A. An bhfuil sárú sonraí pearsanta á fhógairt agat?** | ☐a) Tá, táim ag cur sárú sonraí pearsanta in iúl don CCS mar rialaitheoir sonraí / thar ceann rialtóra sonraí.<br>☐b) Tá, táim ag cur sárú sonraí pearsanta in iúl don CCS mar phróiseálaí sonraí / thar ceann próiseálaí sonraí.<br>☐c) Ní hea, is duine aonair mé atá buartha faoi phróiseáil mo shonraí pearsanta nó sonraí pearsanta duine eile. |
| **C1 B. An cineál fógra** | ☐a) Is fógra nua é seo<br>☐b) Tá sárú sonraí pearsanta curtha in iúl agam cheana féin agus ba mhaith liom nuashonrú a sholáthar |
| **C1 C. An dócha go mbeidh cearta agus saoirsí daoine aonair i mbaol de bharr sárú ar shonraí pearsanta?** | ☐ Is dócha<br>☐ Ní dócha |
| **C1 D. An mbaineann an fógra sáraithe sonraí pearsanta seo le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, de réir bhrí alt 70 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 ?** | ☐ Baineann<br>☐ Ní bhaineann |
| **An bhfuil an fhoirm seo á comhlánú agat mar:** | ☐Fhostaí de chuid na Roinne<br>☐Fhostaí de phróiseálaí sonraí. |
| **Más próiseálaí sonraí tú, an bhfuil comhaontú agat leis an Roinn a ligeann duit sárú a thuairisciú go díreach don CCS?** | ☐ Tá<br>☐ Níl |
| **Más próiseálaí thú, ar chuir tú an sárú in iúl don Roinn sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo?** | ☐ Chuir<br>☐ Níor chuir |
| **Mura bhfuil tú tar éis fógra a thabhairt don Roinn láithreach tar éis duit an sárú a fháil, tabhair breac-chuntas le do thoil ar na fáthanna?** | |
| | |

| **Cuid a Dó – D’Údarás Maoirseachta** | |
|---|---|
| **C2. An bhfuil tú ag tabhairt fógra faoi shárú a bhaineann le próiseáil trasteorann sonraí pearsanta?** | ☐a) Táim ag cur sárú sonraí pearsanta ar an eolas nach mbíonn tionchar aige ach ar ábhair sonraí in Éirinn agus nach mbaineann ach le gníomhaíochtaí m’eagraíochta in Éirinn.<br>☐b) Tá sárú sonraí pearsanta á fhógairt agam thar ceann eagraíochta nach bhfuil bunaíocht aici san Aontas Eorpach.<br>☐c) Tá sárú sonraí pearsanta á fhógairt agam a dhéanann difear do dhaoine is ábhar do na sonraí i níos mó ná stát AE/LEE amháin nó a bhaineann le gníomhaíochtaí próiseála sonraí i níos mó ná stát amháin den AE/LEE |
| | Má roghnaítear C2(a) críochnaigh an roinn seo<br>Má roghnaítear C2(b) lean ar aghaidh go C3(a)<br>Má roghnaítear C2(c) lean ar aghaidh go C4 |
| **C3 A. Deimhnigh le do thoil an bhfuil ionadaí san AE ainmnithe i scríbhinn ag an eagraíocht atá ag déanamh an fhógra seo de réir Airteagal 27 den GDPR.** | ☐ Tá<br>☐ Níl |
| | Má roghnaítear C3a (TÁ) lean ar aghaidh go C3b |
| **C3 B. Deimhnigh, le do thoil, ainm, sonraí teagmhála agus suíomh geografach an ionadaí AE/LEE** | |
| **C4. Tá tú ag cur sárú ar an eolas a bhaineann le próiseáil trasteorann sonraí pearsanta. Cé acu den dá rogha seo a leanas a bhaineann?** | ☐a) Táim ag tabhairt fógra faoi shárú a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a tharlaíonn i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí bunaíochtaí rialaitheora nó próiseálaí i níos mó ná stát amháin den AE/LEE<br>☐b) Táim ag tabhairt fógra faoi shárú a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a tharlaíonn i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí aon bhunaíochta aonair de chuid rialaitheora nó phróiseálaí san Aontas ach a théann i bhfeidhm go substaintiúil nó ar dócha go ndéanfaidh sé difear substaintiúil do dhaoine aonair i níos mó ná stát amháin den AE/LEE. |
| | Má roghnaítear C4 (a) lean ar aghaidh go C5, 6 agus 9<br>Má roghnaítear C4(b) lean ar aghaidh go C7, 8 agus 9 |
| **C5. Tabhair sonraí le do thoil faoi do bhunaíochtaí ar fad san AE/LEE a bhaineann leis an teagmhas seo.** | |
| **C6. Más rud é go bhfuil tionchar ar ábhair sonraí de chuid an AE/LEE ainmnigh le do thoil an tír/na tíortha atá i gceist.** | |

| | |
|---|---|
| **C7. Cuir in iúl le do thoil na Ballstáit den AE ina bhfuil tionchar substainteach ag daoine aonair nó inar dócha go ndéanfaí difear suntasach dóibh** | |
| **C8. Sonraigh le do thoil conas a théann an sárú sonraí pearsanta i bhfeidhm go substaintiúil ar dhaoine aonair i stáit eile den AE/LEE nó ar dócha go mbeidh tionchar suntasach orthu.** | |
| **C9. Toisc go bhfuil sárú trasteorann á chur in iúl agat, an bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí inniúil chun déileáil le d'fhógra?** | |
| **C9. Toisc go bhfuil sárú trasteorann á chur in iúl agat, an bhfuil an Coimisiún um Chosaint Sonraí inniúil chun déileáil le d'fhógra?** | ☐a) Tá fógra á chur agam thar ceann rialtóra nó próiseálaí sonraí a bhfuil a phríomháit nó a bhunaíocht amháin san AE/LEE in Éirinn<br>☐b) Tá fógra tugtha agam d'údarás maoirseachta um chosaint sonraí eile de chuid AE/LEE mar mo phríomhúdarás maoirseachta, ach ba mhaith liom an Coimisiún a chur ar an eolas freisin.<br>☐c) ceachtar díobh seo thuas |
| | Má roghnaítear C9 (a) lean ar aghaidh go C10 agus críochnaigh an roinn seo<br>Má roghnaítear C9(b), críochnaigh an roinn seo<br>Má roghnaítear C9 (c), críochnaigh an roinn seo |
| **C10 Tabhair míniú le do thoil ar an bhfáth a measann tú go bhfuil príomhbhunaíocht nó bunaíocht aonair d'eagraíochta san AE/LEE in Éirinn, lena n-áirítear an bhfuil an bhunaíocht seo i riarachán lárnach/cheanncheathrú d'eagraíochta san AE/LEE agus an áit í a ndéantar cinntí maidir leis an glactar cuspóirí agus modhanna próiseála sonraí pearsanta** | |

| **Cuid a Trí – Sonraí an Rialaitheora Sonraí** | |
|---|---|
| **C11. Ainm na heagraíochta** | |
| **C12. Seoladh na heagraíochta** | |
| **C13. Tabhair ainm agus suíomh do aon bhunaíochtaí AE/LEE ar bith eile atá ag d'eagraíocht** | |
| **C14. Cén earnáil ina bhfuil d'eagraíocht ag feidhmiú?** | ☐a) an earnáil phoiblí<br>☐b) an earnáil phríobháideach<br>☐c) an earnáil dheonach<br>☐d) carthanacht |
| **C15. Fo-earnáil**<br>**Nóta mínithe: chun míniú a fháil ar na hearnálacha tionscail, féach leathanach 325+anseo** (Aicmiú staidrimh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach) | ☐Talmhaíocht<br>☐ Mianadóireacht agus cairéalacht<br>☐ Déantúsaíocht<br>☐ Soláthar leictreachais, gáis, gal agus aerchóirithe<br>☐ Gníomhaíochtaí soláthair uisce, séarachais, bainistíochta dramhaíola agus leasúcháin<br>☐ Tógáil<br>☐ Deisiúchán trádála mórdhíola agus miondíola mótarfheithiclí agus gluaisrothair<br>☐ Iompar agus stóráil<br>☐ Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhíse bia<br>☐Faisnéis agus cumarsáid<br>☐Gníomhaíochtaí árachais<br>☐Gníomhaíochtaí airgeadais<br>☐ Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh<br>☐ Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla<br>☐Gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta<br>☐ Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach<br>☐ Oideachas<br>☐ Gníomhaíochtaí sláinte daonna agus oibre sóisialta<br>☐ Na healaíona, siamsaíocht agus caitheamh aimsire<br>☐Gníomhaíochtaí seirbhíse eile<br>☐Gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí; earraí agus seirbhísí neamhdhifreáilte a tháirgeann gníomhaíochtaí teaghlach dá n-úsáid féin<br>☐Gníomhaíochtaí eagraíochtaí agus comhlachtaí allchríche |
| **C16. Uimhir thagartha inmheánach arna sannadh ag d'eagraíocht don teagmhas seo** | |

| **Cuid a Ceathair – Sonraí an Phróiseálaí Sonraí** | |
|---|---|
| **C17. Ainm na heagraíochta próiseálaí** | |
| **C18. Seoladh na heagraíochta próiseálaí** | |
| **C19 A. Ainm an teagmhálaí próiseálaí** | |
| **C19 B. Seoladh ríomhphoist an teagmhálaí próisis** | |

| **Cuid a Cúig – Pointe Teagmhála** | |
|---|---|
| **C19_2. An tusa an DPO?** | ☐a) Is mise<br>☐b) Ní mise |
| | *Má roghnaítear C19_2(a) lean ar aghaidh go C20-22 amháin agus críochnaigh an roinn seo*<br>*Má roghnaítear C19_2(b) lean ar aghaidh go C20-28 agus críochnaigh an roinn seo* |
| **C20. Ainm an DPO** | |
| **C21. DPO Seoladh ríomhphoist** | |
| **C22. Uimhir theileafóin DPO** | |
| **C23. Ainm an duine a thugann fógra** | |
| **C24. Seoladh ríomhphoist an duine a thug fógra** | |
| **C25. Uimhir theileafóin an duine a thug fógra** | |
| **C26. Feidhm** | |
| **C27. Tá mé i dteagmháil leis an CCS mar phróiseálaí a bhfuil comhaontú aige ó rialtóir sonraí chun sárú a thuairisciú thar a cheann** | ☐a) Tá<br>☐b) Níl |
| **C28. Is mise an teagmhálaí ainmnithe maidir leis an sárú sonraí pearsanta seo** | ☐a) Is mise<br>☐b) Ní mise – Déan teagmháil leis an DPO |

| **Cuid a Sé – Amlíne na heachtra** | |
|---|---|
| **C29. An bhfuil a fhios agat an dáta ar tharla an sárú ar dtús?** | ☐Tá<br>☐Níl |
| **C30. An dáta iarbhír nó neas-dáta ar tharla an sárú** | |
| **C31. An bhfuil an sárú ar siúl?** | |
| **C32. Cuir isteach, le do thoil, an dáta ar tháinig deireadh leis an sárú** | |
| **C33. Cathain a tháinig tú ar an eolas faoin sárú?** | |
| **C34. Má tá tú ag cur an CCS ar an eolas faoi shárú sonraí pearsanta níos mó ná 72 uair an chloig tar éis duit é a bheith ar an eolas faoi, tabhair cúiseanna leis an moill sin le do thoil.** | |
| **C35. Conas a cuireadh an rialaitheoir sonraí ar an eolas faoin sárú?** | |

| Cuid a Seacht – Cineál Sárú | |
|---|---|
| **C36. Sonraigh le do thoil an cineál sárú** | ☐a) Sárú rúndachta (i.e. nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta nó rochtain ar shonraí pearsanta)<br>☐b) Sárú sláine (i.e. sonraí a athrú)<br>☐c) Sárú infhaighteachta (i.e. sonraí a chailltear nó a scriostar) |
| **C37. Sonraigh cineál an tsáraithe le do thoil** | ☐i) Caillteanas nó scrios de thaisme nó d'aon ghnó ar shonraí pearsanta<br>☐ii) Cailliúint nó goid feiste criptithe<br>☐iii) Cailliúint nó goid feiste neamhchriptithe<br>☐iv) Cailliúint nó goid páipéir<br>☐v) Nochtadh neamhúdaraithe/rochtain ar shonraí pearsanta – íomhánna TCI<br>☐vi) Nochtadh neamhúdaraithe/rochtain ar shonraí pearsanta – comhfhreagras ríomhphoist<br>☐vii) Nochtadh neamhúdaraithe/rochtain ar shonraí pearsanta – tairseach nó cuntas ar líne<br>☐viii) Nochtadh neamhúdaraithe/rochtain ar shonraí pearsanta – ardán teachtaireachtaí<br>☐ix) Nochtadh neamhúdaraithe/rochtain ar shonraí pearsanta – na meáin shóisialta<br>☐x) Nochtadh neamhúdaraithe/rochtain ar shonraí pearsanta – comhfhreagras poist<br>☐xi) Rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta – gléasanna/sócmhainní leictreonacha<br>☐xii) Rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta – comhaid pháipéir/doiciméid/taifid<br>☐xiii) Nochtadh sonraí pearsanta ó bhéal/go pearsanta<br>☐xiv) r-Dhramhaíl (sonraí pearsanta a choinnítear ar ghléas as feidhm)<br>☐xv) Hacking (m.sh. líonadh inchreidte, bogearraí mailíseacha, DDoS, earraí ransom etc.)<br>☐xvi) Innealtóireacht shóisialta (m.sh. fioscaireacht, fioscaireacht sleá, smideadh nó vishing)<br>☐xvii) Diúscairt mhíchuí trealaimh/sócmhainní<br>☐xviii) Diúscairt mhíchuí páipéir<br>☐xix) Athrú neamhúdaraithe d'aon ghnó ar shonraí pearsanta<br>☐xx) Athrú neamhbheartaithe ar shonraí pearsanta<br>☐xxi) Foilsiú ar líne d'aon ghnó<br>☐xxii) Foilsiú neamhbheartaithe ar líne<br>☐xxiii)Earráid phróiseála<br>☐xxiv) Cothabháil córais<br>☐xxv) Eile |

| | |
|---|---|
| **C38. Déan cur síos le do thoil ar conas a tharla an sárú** | |
| **C39. Sonraigh le do thoil cúis an tsáraithe** | ☐i) Earráid nó easnamh fostaí<br>☐ii) Gníomh d'aon ghnó an fhostaí<br>☐iii) Earráid nó easnamh conraitheora<br>☐iv) Gníomh toiliúil ón gconraitheoir<br>☐v) Gníomh seachtrach d'aon ghnó<br>☐vi) Gníomh seachtrach neamhbheartaithe<br>☐vii) Earráid nó easnamh iarfhostaí<br>☐viii) Gníomh d'aon ghnó iarfhostaí<br>☐ix) Anaithnid |

| **Cuid a hOcht – Maidir leis na sonraí sáraithe** | |
|---|---|
| **C40. Cineálacha sonraí a bhfuil tionchar ag an sárú** | ☐i) Ainm, sloinne agus/nó dáta breithe<br>☐ii) Sonraí teagmhála (uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, seoladh, cód poist/eircode)<br>☐iii) Sonraí aitheantais oifigiúla (uimhir PSP/uimhir aitheantais náisiúnta/uimhir pas)<br>☐iv) Faisnéis aitheantais nó rochtana (ainm úsáideora, pasfhocal, uimhir thagartha)<br>☐v) Próifíl na meán sóisialta<br>☐vi) Sonraí eacnamaíocha agus airgeadais<br>☐vii) Doiciméid oifigiúla (bunaidh)<br>☐viii) Doiciméid oifigiúla (cóipeanna)<br>☐ix) Sonraí suímh, amhail faisnéis faoi shuíomh GPS, ach gan seoltaí/sonraí teagmhála a áireamh<br>☐x) Taifeadtaí grianghraf, físe nó fuaime nó taifid dá leithéid<br>☐xi) Faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí pearsanta nó le saol an teaghlaigh<br>☐xii) Faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí gairmiúla<br>☐xiii) Sonraí cumarsáide<br>☐xii) Sonraí le ainm pseudonymithe<br>☐xii) Anaithnid |
| **C41. Catagóirí speisialta sonraí** | ☐i) Sonraí a thaispeánann bunús ciníoch nó eitneach<br>☐ii) Sonraí a nochtann tuairimí polaitiúla<br>☐iii) Sonraí a thaispeánann creidimh reiligiúnacha nó fealsúnacha<br>☐iv) Sonraí a thaispeánann ballraíocht cheardchumainn<br>☐v) Sonraí a bhaineann le saol gnéis nó claonadh gnéasach duine<br>☐vi) Sonraí a bhaineann le sláinte<br>☐vii) Sonraí géiniteacha nó bithmhéadracha<br>☐viii) Níor sáraíodh aon sonraí de chatagóir speisialta |
| **C42. Ar chuimsigh na sonraí sáraithe sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla nó cionta** | ☐ Chuimsigh<br>☐ Níor chuimsigh |
| **C43. Déan cur síos le do thoil ar aon chineál(s) sonraí pearsanta eile atá i gceist (más ábhartha)** | |
| **C44. Líon iarbhír nó neas-líon taifead sonraí** | ☐i) 1-10<br>☐ii) 11-100<br>☐iii) 101-1000<br>☐iv) 1001-10000<br>☐v) 10001-100000<br>☐vi) 100001-1000000<br>☐viii) 1000000 nó níos mó<br>☐viii) Fíoruimhir nó neaslíon anaithnid faoi láthair |

| Cuid a Naoi – Faoi na hábhair sonraí | |
|---|---|
| **C45. Líon iarbhír nó neas-líon na n-ábhar sonraí lena mbaineann** | ☐i) 1-10<br>☐ii) 11-100<br>☐iii) 101-1000<br>☐iv) 1001-10000<br>☐v) 10001-100000<br>☐vi) 100001-1000000<br>☐viii) 1000000 nó níos mó<br>☐viii) Fíoruimhir nó neaslíon anaithnid faoi láthair |
| **C46. An ndearnadh difear do dhaoine leochaileacha?** | ☐ Rinne<br>☐ Ní dhearna<br>☐Anaithnid |

| Cuid a Deich – Iarmhairtí an tsáraithe | |
|---|---|
| **C47. Cineál iarmhairt** | ☐i) Cailliúint smacht ar a sonraí pearsanta<br>☐ii) Teorannú ar a gcearta<br>☐iii) Idirdhealú<br>☐iv) Goid aitheantais<br>☐v) Calaois<br>☐vi) Caillteanas airgeadais<br>☐vii) Aisiompú bréige neamhúdaraithe<br>☐viii) Damáiste don chlú<br>☐ix) Cailliúint rúndachta sonraí pearsanta arna gcosaint ag rúndacht ghairmiúil<br>☐x) Eile |
| **C48. Cé chomh mór is atá an riosca do chearta agus do shaoirsí na ndaoine aonair atá buailte ag an sárú seo? ("Féindhearbhú?")** | ☐i) Gan Riosca<br>☐ii) Riosca íseal<br>☐iii) Riosca meánach<br>☐iv) Riosca ard<br>☐iv) Riosca tromchúiseach |

| **Cuid a hAon Déag – Gníomh déanta** | |
|---|---|
| **C49. Tabhair sonraí le do thoil maidir le haon bheart slándála sonraí teicniúla nó eagraíochta a bhaineann leis an sárú seo a bhí i bhfeidhm sular tharla an teagmhas** | |
| *[Sainaithin cad iad na bearta teicniúla/eagraíochta a bhí i bhfeidhm roimh an sárú – mar shocruithe TFC, polasaí deisce glan, srl. Féadfaidh tú iad seo a liostú ar Thaifead Gníomhaíochtaí Próiseála d'Aonaid (ROPA) ]* | |
| **Q50. Cad iad na heasnaimh sna bearta seo atá aitheanta agat mar thoradh ar an sárú seo?** | |
| | |
| **Bearta maolaithe**<br>**C51. An bhfuil na sonraí sáraithe slánaithe/aisghabhála/athshlánaithe agat?** | ☐ Tá<br>☐ Níl |
| **C52. Tabhair sonraí le do thoil maidir le haon bheart atá curtha i bhfeidhm agat chun tionchar an tsáraithe sonraí pearsanta seo ar chearta agus saoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí a mhaolú?** | |
| [Féadfar iad seo a shainaithint ar Chlár Riosca d'Aonaid ] | |
| **C53. Tabhair sonraí le do thoil maidir le haon bheart a chuirfear i bhfeidhm chun tionchar an tsáraithe sonraí pearsanta seo ar chearta agus ar fhreagrachtaí na ndaoine is ábhar do na sonraí a bhfuil tionchar orthu a mhaolú, agus an dáta feidhmithe a bhfuiltear ag súil leis.** | |
| | |
| **Bearta teicniúla agus eagraíochta a cuireadh i bhfeidhm tar éis an tsáraithe**<br><br>**C54. Tabhair sonraí le do thoil maidir le haon bheart teicniúil nó eagraíochta a chuir tú i bhfeidhm tar éis an tsáraithe seo chun slándáil chuí sonraí pearsanta a chinntiú i gcoinne sárú sonraí pearsanta dá leithéid a tharlaíonn arís.** | |
| | |

| **Cuid a Dó – Cumarsáid le daoine is ábhar do na sonraí**<br>*(NB Ní gá fógra a thabhairt ach amháin i gcásanna ardriosca/tromchúiseacha)* | |
|---|---|
| **C55. Ar chuir tú an teagmhas in iúl do na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann?** | ☐a) Cuireadh an teagmhas in iúl do na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann<br>☐b) Níor cuireadh an teagmhas in iúl do na daoine is ábhar do na sonraí a raibh tionchar orthu go fóill, ach tá an chumarsáid seo beartaithe.<br>☐c) Níor cuireadh/Ní chuirfear an teagmhas a chur in iúl do na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann (roghnaigh cúiseanna) |
| | *Má roghnaítear C55(a) lean ar aghaidh go Q56 agus Q57 agus Q68*<br>*Má roghnaítear C55 (b) lean ar aghaidh go C59*<br>*Má roghnaítear C55 (c) lean ar aghaidh go C60* |
| **C56. Cén meán a úsáideadh chun an teagmhas a chur in iúl do na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann?** | ☐1) Litir<br>☐2) Ríomhphost<br>☐3) Glao gutháin<br>☐4) Go pearsanta<br>☐5) Eile |
| **C57. Déan cur síos le do thoil ar ábhar na cumarsáide le daoine is ábhar do na sonraí, lena n-áirítear comhairle a thugtar d'ábhair sonraí chun aon iarmhairtí díobhálacha a bhaineann leis an sárú ar shonraí pearsanta a mhaolú.** | |
| | |
| **C58. Más i bhfoirm cumarsáide poiblí a bhí an chumarsáid a bhí agat, mínigh le do thoil cén fáth a mbeadh iarracht dhíréireach i gceist leis na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann a chur ar an eolas agus nasc a sholáthar don chumarsáid phoiblí.** | |
| | |
| **C59. Cathain a thabharfar fógra do na hábhair sonraí lena mbaineann?** | |
| | |

| | |
|---|---|
| **C60. Tabhair breac-chuntas le do thoil ar na fáthanna nár chuir tú an teagmhas in iúl do na daoine is ábhar do na sonraí** | ☐1) Ní dócha go mbeidh riosca ard do chearta agus saoirsí daoine aonair mar thoradh ar shárú sonraí pearsanta.<br>☐2) Tá bearta cosanta teicniúla agus eagraíochta iomchuí curtha i bhfeidhm ag an rialaitheoir sonraí, agus cuireadh na bearta sin i bhfeidhm ar na sonraí pearsanta a ndearna an sárú ar shonraí pearsanta difear dóibh, go háirithe iad siúd a fhágann go bhfuil na sonraí dothuigthe ag aon duine nach bhfuil údaraithe rochtain a fháil orthu, mar shampla criptiú.<br>☐3) Tá bearta glactha ag an rialaitheoir sonraí ina dhiaidh sin lena n-áirithítear nach dócha go dtiocfaidh an riosca ard do chearta agus do shaoirsí na ndaoine is ábhar do na sonraí i gcrích a thuilleadh.<br>☐4) Eile |

| **Cuid a Trí Déag – Dearbhú** | | |
|---|---|---|
| **Oifigeach Tuairiscithe** | | |
| **Priontáil Ainm** | **Síniú** | **Dáta** |
| **Ceann na Rannóige** | | |
| **Priontáil Ainm** | **Síniú** | **Dáta** |
| **Oifigeach Cosanta Sonraí** | | |
| **Priontáil Ainm** | **Síniú** | **Dáta** |

## Treoir maidir leis an bhFoirm um Fhógra ar Shárú

**Cá seolaim an fhoirm seo?**
Seol d'fhoirm chomhlánaithe chuig DPOContact@equality.gov.ie

Cad a chuirim san áireamh i líne ábhair an ríomhphoist?

- **I gcás fógraí nua ar shárú** – 'nua, ainm an rannáin, rátáil an riosca (e.g. 'Fógra Nua ar Shárú, Luathbhlianta, Ardriosca)
- **I gcás nuashonruithe ar fhógra reatha** – 'fógra nuashonraithe ar fhógra, ainm an rannáin, uimhir thagartha [má cuireadh ceann ar fáil] (e.g. 'Fógra Nuashonraithe ar Shárú, Luathbhlianta, [uimhir thagartha])

## Treoir bhreise ar cheisteanna ar leith a chuirtear ar fáil thíos:

| | |
|---|---|
| **Cé chomh dáiríre is atá an sárú i dtaobh na ndaoine aonair ar imríodh tionchar orthu?** | Nuair a dheimhníonn tú cé chomh tromchúiseach a mheasann tú atá an sárú i gcás daoine aonair ar imríodh tionchar orthu, ba cheart duit an tionchar a d'fhéadfadh an sárú a imirt ar dhaoine aonair a thabhairt san áireamh ar nochtadh a sonraí. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh agat ar an tionchar féideartha seo, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar chineál an tsáraithe, cúis an tsáraithe, saghas na sonraí a nochtadh, tosca maolaitheacha atá i bhfeidhm agus cé acu ar nochtadh nó nár nochtadh sonraí pearsanta daoine aonair leochaileacha. Déantar sainmhíniú breise ar na leibhéil riosca thíos:<br><br>• **Ísealriosca:** Ní dóchúil go n-imreoidh an sárú tionchar ar dhaoine aonair, nó is dóchúil nach mbeidh ach miontionchar i gceist leis.<br>• **Riosca Measartha:** D'fhéadfadh an sárú tionchar a imirt ar dhaoine aonair, ach ní dóchúil go mbeidh tionchar substainteach i gceist leis.<br>• **Ardriosca:** D'fhéadfadh an sárú tionchar suntasach a imirt ar dhaoine aonair ar imríodh tionchar orthu.<br>• **Riosca:** D'fhéadfadh an sárú tionchar criticiúil, fairsing nó baolach a imirt ar dhaoine aonair ar imríodh tionchar orthu. |
| **Ar imríodh tionchar ar dhaoine aonair leochaileacha?** | Duine aonair leochaileach atá i leanbh nó duine nach bhfuil ar a c(h)umas gníomhú thar a gceann féin mar gheall ar éagumas fisiciúil nó meabhrach. |
| **An mbaineann sonraí pearsanta leis an sárú a bhí á gcoimeád ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath, a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú sa Stát?** | Foráiltear sa Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (LED) ón AE do shaorshreabhadh sonraí pearsanta idir údaráis inniúla laistigh den AE ar mhaithe le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, cosaint in aghaidh agus cosc a chur ar bhagairtí ina measc ar shlándáil phoiblí, agus na sonraí pearsanta siúd a aistriú chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Beidh sonraí pearsanta a phróiseáiltear ar na cuspóirí a liostaítear thuas faoi réir fhorálacha an LED. |

# Aguisín 2

**<u>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus na próiseálaithe - Breis Faisnéise</u>**
**<u>Riachtanais Tuairiscithe Sáraithe ar Shonraí</u>**

**<u>Riachtanais Tuairiscithe (faoi réir leibhéal deimhnithe riosca):</u>**

| Leibhéal Riosca | Cur Síos ar an Riosca | Tuairiscigh le... Go hInmheánach | Tuairiscigh le... Go Seachtrach |
|---|---|---|---|
| CEANN AR BITH | Tionchar ar bith ar dhaoine aonair. | • Ceann an Aonaid (leibhéal Príomhoifigigh) +<br>• An tAonad um Chosaint Sonraí [foirm um Shárú ar Shonraí Pearsanta ar chuspóirí taifead]. | • Riachtanas ar bith |
| ÍSEALRIOSCA: | Ní dóchúil go n-imreoidh an sárú tionchar ar dhaoine aonair, nó is dóchúil nach mbeidh ach miontionchar i gceist leis. | • Ceann an Aonaid (leibhéal Príomhoifigigh) +<br>• An tAonad um Chosaint Sonraí [foirm um Shárú ar Shonraí Pearsanta ar chuspóirí taifead]. | • An Coimisiún um Chosaint Sonraí [foirm Fógra ar Shárú ar líne] |
| RIOSCA MEASARTHA | D'fhéadfadh an sárú tionchar a imirt ar dhaoine aonair, ach ní dóchúil go mbeidh tionchar substainteach i gceist leis. | • Ceann an Aonaid (leibhéal Príomhoifigigh) +<br>• An tAonad um Chosaint Sonraí [foirm um Shárú ar Shonraí Pearsanta ar chuspóirí taifead]. | • An Coimisiún um Chosaint Sonraí [foirm Fógra ar Shárú ar líne] |
| ARDRIOSCA | D'fhéadfadh an sárú tionchar suntasach a imirt ar dhaoine aonair ar imríodh tionchar orthu. | • Ceann an Aonaid (leibhéal Príomhoifigigh) +<br>• Rúnaí Cúnta<br>• An tAonad um Chosaint Sonraí [foirm um Shárú ar Shonraí Pearsanta ar chuspóirí taifead]. | • An Coimisiún um Chosaint Sonraí [foirm Fógra ar Shárú ar líne] +<br>• Daoine aonair/ábhair shonraí ar imríodh tionchar orthu. |
| RIOSCA TROM | D'fhéadfadh an sárú tionchar criticiúil, fairsing nó baolach a imirt ar dhaoine aonair ar imríodh tionchar orthu. | • Ceann an Aonaid (leibhéal Príomhoifigigh) +<br>• Rúnaí Cúnta<br>• Ard-Rúnaí +<br>• An tAonad um Chosaint Sonraí [foirm um Shárú ar Shonraí Pearsanta ar chuspóirí taifead]. | • An Coimisiún um Chosaint Sonraí [foirm Fógra ar Shárú ar líne] +<br>• Daoine aonair/ábhair shonraí ar imríodh tionchar orthu. |

## Teagmhálaithe Áisiúla

| **<u>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige</u>** | **<u>An Coimisiún um Chosaint Sonraí</u>** |
|---|---|
| An tOifigeach Cosanta Sonraí,<br>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige,<br>Bloc 1 – Plaza Miesach,<br>50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach,<br>Baile Átha Cliath 2,<br>D02 XW14. | (I) 21 Cearnóg Mhic Liam<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 RD28<br><br>(ii) Teach na Canála,<br>Bóthar an Stáisiúin<br>Cúl an tSúdaire<br>Contae Laoise<br>R32 AP23<br><br>www.dataprotection.ie<br><br>www.gdprandyou.ie |
| Guthán: +353 1 647 3183<br>Ríomhphost: dpocontact@equality.gov.ie<br>Iarrataí Rochtana ag Ábhar: sar@equality.gov.ie | Guthán: +353 57 868 4800<br>+353 (0) 761 104 800<br>Uimhir Ghlao Áitiúil: 1890 252 231<br>Facs: +353 57 868 4757<br>Ríomhphost: info@dataprotection.ie |

## Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| Cuntasacht | Ciallaíonn **'Cuntasacht'** bheith in ann comhlíonadh phrionsabail an RGCS a thaispeáint. Caithfidh bearta cuí teicniúla agus eagraíochta a bheith i bhfeidhm ag an Roinn le bheith in ann comhlíonadh a thaispeáint. |
| Sonraí uathoibrithe | Ciallaíonn **'sonraí uathoibrithe'** aon fhaisnéis ar ríomhaire, nó faisnéis a taifeadadh agus é ar intinn é a chur ar ríomhaire. Airítear leis ní hamháin bunachair shonraí struchtúracha ach ríomhphoist, cáipéisí oifige nó íomhánna CCTV, chomh maith. |
| Toiliú | Is ionann **'toiliú'** agus aon "léiriú gan srian, sonrach, eolach agus glan soiléir a thugtar" i dtaobh mhianta an duine aonair a thugann comhaontú le sonraí pearsanta a bhaineann leo a phróiseáil ar chuspóir sonrach amháin nó níos mó cé acu trí ráiteas nó trí ghníomh soiléir deimhneach.<br><br>Ciallaíonn an gníomh deimhneach, nó roghnú dearfach, nach féidir a thuiscint gur tugadh toiliú mura ndearna/ndúirt siad rud ar bith, trí bhoscaí réamhthiceáilte, nó trí neamhghníomhaíocht. Ba cheart go mbeadh sé ar leithligh, chomh maith leis sin, ó théarmaí agus coinníollacha, agus ba cheart go mbeadh bealach simplí ann leis an toiliú a aistarraingt. Beidh ar údaráis phoiblí agus fostóirí aird ar leith a thabhairt ar a chinntiú go dtugtar toiliú gan srian. |
| Rialaitheoir Sonraí | Ciallaíonn **'rialaitheoir sonraí'** an duine nádúrtha nó dlíthiúil, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a dheimhníonn leis féin nó le comhlachtaí eile, cuspóirí agus bealaí próiseála sonraí pearsanta; nuair a dheimhnítear sa dlí cuspóirí agus bealaí na próiseála sin. |
| Próiseálaí Sonraí | Ciallaíonn '**Próiseálaí Sonraí'** duine nádúrtha nó dlíthiúil, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora ach nach n-áirítear fostaí den rialaitheoir sonraí leis a phróiseálann na sonraí siúd i gcaitheamh a f(h)ostaíochta.<br><br>I gcomhthéacs na Roinne, d'áireofaí leis seo an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Peoplepoint agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla), Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais agus Pobal. |
| An tOifigeach Cosanta Sonraí | Caithfear **'Oifigeach Cosanta Sonraí'** a cheapadh i gcomhréir leis na rialacháin sna cásanna seo a leanas (a) tugann údarás poiblí faoin bpróiseáil; nó (b) ceanglaítear in "croíghníomhaíochtaí" rialaitheoir sonraí / próiseálaí sonraí go ndéantar "monatóireacht rialta agus chórasach ar ábhair shonraí ar scála mór", nó nuair a bhíonn próiseáil á déanamh ar chatagóirí speisialta de shonraí nó de shonraí a bhaineann le ciontuithe cionta coiriúla "ar scála mór". |
| Ábhar Sonraí | Duine nádúrtha (duine aonair) atá mar ábhar na sonraí pearsanta. |
| Comhrialaitheoir | Déanann comhrialaitheoirí, faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 26 den RGCS, comhchinneadh ar na cuspóirí agus na bealaí a phróiseáiltear sonraí pearsanta. |
| Sonraí Pearsanta | Ciallaíonn **'Sonraí Pearsanta'** aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta ('ábhar sonraí'); duine atá i nduine inaitheanta nádúrtha ar féidir é/í a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt d'aitheantóir ar nós ainm, uimhir aitheantais, sonraí láithreach, aitheantóir ar líne nó do thoisc amháin nó |

| | |
|---|---|
| | níos mó a bhaineann go sonrach le haitheantas fisiciúil, fiseolaíoch, géiniteach, meabhrach, geilleagrach, cultúrtha nó sóisialta an duine nádúrtha sin. |
| Próiseáil | Ciallaíonn **'próiseáil'** aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna sonraí pearsanta, cé acu ar bhealaí uathoibrithe nó a mhalairt, ar nós bailiú, taifeadta, eagrú, struchtúrú, stórála, oiriúnú nó athrú, aisghabhála, comhairliúcháin, úsáide, nochta trí tharchur, scaipthe nó a chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó measctha, srianta, scriosta nó millte. |
| Próifíliú | Is ionann **'próifíliú'** agus aon fhoirm de phróiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta atá in ainm is meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe pearsanta áirithe a bhaineann le duine aonair, nó anailís nó tuar a dhéanamh i bhfeidhmíocht ag an obair, cás geilleagrach, láthair, sláinte, roghanna pearsanta, iontaofacht, nó iompar ar leith an duine sin. |
| Sonraí pearsanta íogaire | Féach **'Catagóirí Speisialta de Shonraí Pearsanta'** |
| Catagóirí Speisialta de Shonraí Pearsanta | Áirítear le **'catagóirí speisialta sonraí'** faisnéis faoin méid seo a bhaineann le duine aonair: bunadh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó a mhacasamhail de chreidimh, ballraíocht de cheardchumann (nó neamhbhallraíocht), sláinte nó bail fhisiciúil nó mheabhrach, cionta coiriúla, nó imeachtaí gaolmhara, agus faisnéis ghéiniteach agus bhithmhéadrach — ba cheart aon úsáid a bhaintear as catagóirí speisialta de shonraí pearsanta a rialú go dian i gcomhréir leis an mbeartas seo. |
| Rochtain ag ábhar | Is é **'rochtain ag ábhar'** an ceart atá ag an ábhar sonraí chun faisnéis áirithe a fháil ón rialaitheoir sonraí, ar iarraidh sin, a bhaineann lena s(h)onraí pearsanta a phróiseáil. |
| Údaráis Maoirseachta | Is é **'an tÚdarás Maoirseachta'** an comhlacht náisiúnta atá freagrach as cosaint sonraí. Is é an t-údarás maoirseachta don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an Coimisiún Cosanta Sonraí.<br><br>Féach www.dataprotection.ie |
| Scóip chríche | Áirítear le **'scóip chríche'** an RGCS an Limistéar Eorpach Eacnamaíochta (an LEE – gach ceann de 28 ballstát an AE), an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua ina measc, agus ní áirítear an Eilvéis leis. |
| Tríú páirtí | Is ionann **'tríú páirtí'** agus aon duine nádúrtha nó dlíthiúil, údarás poiblí, gníomhaireacht, nó aon chomhlacht eile seachas an t-ábhar sonraí, an rialaitheoir, an próiseálaí, agus na daoine atá údaraithe chun na sonraí a phróiseáil faoi údarás díreach an rialaitheora nó an phróiseálaí. |
| Aistriú | Tá sonraí pearsanta **'a aistriú'** chuig tíortha lasmuigh den LEE nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta faoi réir srianta. Ní gá sonraí a iompar go fisiciúil chun é a aistriú, mar shampla, b'ionann amharc ar shonraí atá á n-óstáil i láthair eile agus aistriú chun críocha an RGCS. |